# CAD É AN SEANS?



1, 2, SPRAOI!

Scéal scríofa mar chuid de cheardlann
Fighting Words
le múinteoirí réamhsheirbhíse
DCU 2022

Scríbhneoirí:
Jenna McQuid
Conor Murphy
Saoirse O'Connor Roche
Ciara Doherty
Erica Slean Barry

Maisitheoir:
Philip Elliott

Aistriúchán:
Néamhann Ní Dhonnghaile

Eagarthóireacht:
Bríd-Treasa Wyndham
Tríona Nic Fhinn
Lorraine Harbison
Nóra Nic Con Ultaigh
Seirce Mhac Conghail

# Réamh-cheacht

## Níl Sé Sin Cothrom!: Léim Coinín

1. Tá licín agus bonn airgid ag teastáil ó gach imreoir.
2. Cuir na licíní ar 0.
3. Tóg sealanna chun an bonn a chaitheamh
   - Má thaispeánann sé cruit, gluais spás amháin ar dheis.
   - Má thaispeánann sé ceann, gluais spás amháin ar chlé.
4. Bíonn an bua ag an imreoir atá ar an uimhir is airde tar éis an bonn a chaitheamh deich n-uaire an duine.




| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| -5 | -4 | -3 | -2 | -1 | 0 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |

https://nzmaths.co.nz/resource/s-not-fair






# Cad É an Seans?

Tháinig Síle Dísle agus Anraí Sonraí ar bord loinge go hOileán Taisce ar thóir taisce a bhí i bhfolach. Rás a bhí ann de bhrí go raibh smaoineamh difriúil ag an mbeirt acu maidir leis an mbealach is fearr leis an taisce a aimsiú. Bhí Síle Dísle ag iarraidh dul sa seans, bhí sí an-randamach. Bhí Anraí Sonraí ag iarraidh a bhealach féin a úsáid, bealach a bhí cruthaithe cheana féin, agus plean a leagan amach ag úsáid graf agus léarscáileanna.

D'imigh an bheirt acu ar a n-aistear féin. Ní raibh ach dhá choiscéim tógtha acu nuair a tháinig siad chomh fada le crosbhealach. Ar thaobh na láimhe clé, bhí cosán néata díreach ann agus ar thaobh na láimhe deise, bhí cosán lúbach casta ann. Roghnaigh Anraí Sonraí an cosán néata a leanúint ar dtús, de bhrí gur cruthaíodh gurb é an cosán ba ghiorra é. "Ba chóir duit teacht



an bealach seo! Tomhaiseadh an fad agus taifeadadh é. Is é an cosán is giorra é, cosán díreach é an bealach ar fad!”

“Bhuel tá mise chun bonn a chaitheamh!” arsa Síle Dísle. Shocraigh sí dá bhfaigheadh sí ceann go rachadh sí leis an gcosán néata, agus dá bhfaigheadh sí cruit go rachadh sí leis an gcosán lúbach. Chaith sí an bonn, agus thit sé leis an gcruit. “Seasann an chruit i gcónaí duit!” agus lean sí an cosán lúbach. Bhí an cosán lúbach fada corach agus thóg sé a láááááán ama é a shiúl....




# Ceacht:

## An féidir leat an scéal a chríochnú? Cé a tháinig ar an taisce ar dtús?

## Dhá Dhísle

Caitear dhá dhísle séthaobhach i gcluiche dóchúlachta agus tagann an dá uimhir seo aníos ar bharr na ndíslí.



Buann Emma más 0, 1, nó 2 an difríocht idir an dá uimhir ar bharr na ndíslí.
Buann Fergal más 3, 4, nó 5 an difríocht idir an dá uimhir ar bharr na ndíslí.
Pléann Emma agus Fergal an cluiche lena chéile go bhfeicfidh siad an bhfuil sé cothrom.

Cé acu de na ráitis seo a leanas atá ceart?

A. Tá an seans céanna an an mbeirt acu an bua a fháil.
B. Tá seans níos fearr ag Emma an bua a fháil.
C. Tá seans níos fearr ag Fergal an bua a fháil.
D. Toisc go bhfuil díslí in úsáid, ní féidir a rá cé acu a bhfuil an seans is fearr an bua a fháil.

Mínigh do fhreagra.

(TEDS-M 2008 User Guide for the International Database)

1,2,Spraoi!

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

DCU
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
Dublin City University

## AON SMAOINTE EILE?

## CAD A CHEAP TÚ FAOIN SCÉAL?

FIGHTING WORDS
The write to right.

the arts council
an chomhairle ealaíon
funding literature

Mc Conkey
fighting words
www.fightingwords.ie
Approved

WWW.FIGHTINGWORDS.ie